

Ráiteas Straitéise BACÉ
2020-2022

**Rialáil ábhartha, thaighde-
bhunaithe, thuisceanach**

Réamhrá: An tUachtarán agus an Príomhfheidhmeannach

De réir mar a athraíonn déimeagrafaic agus ár lucht saothair, agus de réir mar a dhéantar teicneolaíocht a fheidhmiú go céimneach agus samhlacha nua cúraim a chur i bhfeidhm, beidh ról rithábachtach ag altraí agus ag cnáimhseacha lena bhfuil trian den fhoireann cúram sláinte comhdhéanta, maidir le heispéiris agus torthaí d'othair.

Sa chomhthéacs sin táimid fós tiomanta d'iontaoibh a fhorbairt, do dheimhin a dhéanamh de go dtuigtear ár ról, do bheith níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, agus ar an mbealach sin eagraíocht a chruthú atá ullmhaithe go hiomchuí le haghaidh na mblianta le teacht.

Leis an ráiteas straitéise nua seo, lena gclúdaítear na blianta 2020–2022 agus lena léirítear ionchur ónár ngrúpa leathan de pháirtithe leasmhara, leanfar le dul i dteagmháil, le tacaíocht agus le cumhachtú i leith ár gcláraithe agus ár bpiaraí, agus beidh sé dírithe ar na nithe a leanas:

- inniúlacht ghairmiúil
- forbairt ghairmiúil
- oiriúnacht chun cleachtaidh
- seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí agus láimhseáil thráthúil gearán
- seoladh agus feidhmiú céimneach ár gcórais chlárúcháin nua
- cumarsáid éifeachtach le páirtithe leasmhara ábhartha
- ár n-ionchur le beartas ábhartha agus treoir a sheachadadh d'altraí agus do chnáimhseacha.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leo siúd uile a chur le forbairt ár straitéise. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le comhaltai Boird eile agus le comhghleacaithe agus is mór againn a dtiomantas leanúnach dár gcuspóirí. Táimid ag tnúth le tacú le feabhsúcháin bhreise sa timpeallacht dár gcuid trí chur i bhfeidhm an phlean seo.



Essene Cassidy
Uachtarán



Sheila McClelland
Príomhfheidhmeannach

Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (BACÉ): Cé muidne

Is muidne

an comhlacht rialála le haghaidh na ngairmeacha ALTRANAIS agus CNÁIMHSEACHAIS in Éirinn.

Ár bhFís

is ea í chun ceannaireacht a sholáthar d'altraí agus do chnáimhseacha cláraithe chun cúram sábháilte a sholáthar trí rialáil ghairmiúil atá nuálach agus réamhghníomhach.

Ár Misean

is ea é chun an pobal a chosaint agus macántacht na ngairmeacha altranais agus cnáimhseachais a chosaint trí ardchaighdeán a chur chun cinn san oideachas, san oiliúint agus in iompar gairmiúil.

Déanaimid an méid sin:


- trí Chlár na n Altraí agus na gCnáimhseach a choimeád;
- trí ardchaighdeán a chur chun cinn in oideachas gairmiúil, in oiliúint ghairmiúil agus i gcleachtas gairmiúil, agus in iompar gairmiúil i measc altraí agus cnáimhseach; agus
- trí ghearáin i gcoinne altraí agus cnáimhseach a imscrúdú agus a bhreithniú.

Clár BACÉ




Oideachas

Tá BACÉ freagrach as caighdeán a leagan amach do Chláir Oideachais agus as cláir a fhaomhadh agus a fhaomhadh an athuair ar bhonn rialta.



Ag déileáil le gearáin

Faoi láthair tá níos mó ná 77,000 altra agus cnáimhseach ar Chlár BACÉ. Bíonn líon an-bheag acu atá ar an gClár ina n-ábhar gearáin gach bliain, is é sin thart ar 0.1 faoin gcéad de na cláraithe uile. In 2018, fuarthas 113 ghearáin. In 2019, chonacthas leibhéal cosúil de ghearáin.




Dá mba mhaith leat níos mó a fháil amach, foilsíodh treoir maidir le hoiriúnacht chun cleachtaidh le déanaí agus tá sí ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

Ár dtimpeallacht: treochtaí i rialacháin um chúram sláinte

Tá ár ráiteas straitéise dírithe ar an todhchaí. Sa chuid seo, pléimid an timpeallacht cúram sláinte ina n-oibrímid chun a réamh-mheas conas a d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach dár samhail rialála freagairt a dhéanamh.

Athruithe ar an lucht saothair

Leis an Straitéis Dhomhanda um Acmhainní Daonna don tSláinte: Lucht Saothair 2030, meastar go mbeidh easnamh ionchasach de suas le 9.9 milliún oibrí cúram sláinte ann ar fud an domhain faoi 2030. Níl Éire as an áireamh maidir leis an treocht sin agus mar an rialálaí ní mór dúinn a chinntiú, agus caighdeán á gcoimeád againn, go ndéanaimid an próiseas clárúcháin d'altraí agus do chnáimhseacha ó thíortha thar lear chomh héasca agus is féidir.



Réamh-mheastacháin ar Éileamh ar Chúram Sláinte in Éirinn, 2015-2030, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI)

Déimeagrafaic an daonra


Tá daonra na hÉireann ag dul in aois agus mar gheall ar an bhforbairt sin tá riachtanas ann chun cúram a thabhairt do dhaoine a bhfuil riachtanais níos casta acu maidir le cúram sláinte. Tuairiscíonn thart ar 60% díobh siúd atá 50 bliain d'aois nó níos sine go bhfuil fadhb sláinte ainsealach amháin acu ar a laghad. Mar gheall ar chuid mhór de na fadhbanna sláinte sin beidh baint ag ár gcláraithe le cúram coisctheach, le bainistíocht agus cúram leanúnach maidir le hothair a bhfuil fadhbanna sláinte iomadúla acu. Tá sé riachtanach go n-ullmhaítear altraí agus cnáimhseacha lenár gcaighdeáin oideachais chun a bheith freagrúil maidir lena bhfuiltear ag súil ó chúram, rud atá ag athrú.

Samhlacha cúram sláinte

Tá beartas an rialtais ag bogadh i dtreo sholáthar cúraim níos mó sa phobal agus sa bhaile, agus i dtreo mhéadú na freagrachta comhroinnte as soláthar cúraim ag foirne saineolaithe.¹ Beidh ról nua ina ngnéithe freisin de na samhlacha cúram sláinte sin agus forbrófar iad, mar shampla ardchleachtóirí altranais agus ardchleachtóirí cnáimhseachais.² Beidh sé riachtanach d'altraí oibriú ar fud suíomhanna cúram sláinte agus chun tacú le samhlacha comhtháite de sholáthar cúraim.

Sa straitéis náisiúnta um máithreachas³ moltar conairí iomadúla freisin le haghaidh cúram a sholáthar agus áirítear léi seirbhísí cnáimhseachais phobail a fhorbairt ina soláthróidh cnáimhseacha ospidéal cúram réamhbhreithe agus iarbhreithe sa phobal agus iad ag obair mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach.


Beidh athruithe ar chaighdeáin, ar threoir agus ar riachtanais oideachais de dhíth de réir mar a fhorbrófar an timpeallacht oibre d'altraí agus do chnáimhseacha.



¹ Sláintecare, Bealtaine 2017.


² Beartas maidir le Cleachtas Altranais agus Cnáimhseachais a Fhorbairt ó Chleachtas larchéime go hArdchleachtas: <https://assets.gov.ie/19260/f49c5ea1a19843b0aae20151aeaf694d.pdf>.

³ An Straitéis Náisiúnta um Máithreachas - Todhchaí Níos Fearr a Chruthú Le Chéile 2016-2026.



Plean Gníomhaíochta Sláintecare 2019

THE DRIVING FORCES INFLUENCING FUTURE SKILLS AND COMPETENCES



Plean Gníomhaíochta an CE maidir le Lucht Saothair Sláinte

Teicneolaíocht

Rachaidh forbairtí domhanda i dteicneolaíocht i gcion ar ár lucht saothair agus iarmhairtí gan choinne mar thoradh air sin. Beidh an poitéinseal ag baint leis sin le haghaidh ról agus scileanna nua a fhorbairt mar aon le huathoibriú ról áirithe agus deireadh a chur le cinn eile. Áirítear le samplaí díobh sin seirbhísí altranais agus cnáimhseachais ar líne, taifid leictreonacha agus uirlisí diagnóiseacha nua. D'fhéadfaí dúshlán nua a chruthú do chláraithe le húsáid teicneolaíochta nua. Ní mór go léirítear cleachtais sin an tsaoil mar atá le caighdeán agus treoir BACÉ

Cuirtear go leor deiseanna ar fáil dúinn mar rialálai freisin le forbairtí i dteicneolaíocht maidir le conas a dhéanaimid teagmháil lenár gcláraithe agus lenár bpáirtithe leasmhara agus ár seirbhísí á seachadadh againn.



Rialáil atá ag Athrú

Ní féidir le rialálaithe agus rialáil fanacht mar an gcéanna go deo.

I bhfianaise forbairtí le déanaí i gcúram sláinte tá níos mó machnaimh á dhéanamh maidir leis an dóigh a ndéanaimid gearáin a láimhseáil. Maítear le fianaise go bhféadfaí tionchar i bhfad níos mó a imirt ar shábháilteacht othar trínár gcláraithe uile a spreagadh agus a thacú ina gcleachtas ná trí dhéileáil leis an gcéatadán beag de chláraithe a bhíonn ina n-ábhar gearáin. Faoi ráiteas straitéise seo tabharfaimid córas níos fearr agus níos tráthúla isteach maidir le láimhseáil gearán.

Sa bhreis air sin, tá ionchas soiléir ann go ndéanfaidh rialálaithe a dtuiscint chomhchoiteann a fheabhsú ar na daonraí arna rialáil acu. Beimid in ann sin a dhéanamh de réir a chéile bunaithe ar na sonraí atá againn agus ar shonraí páirtithe eile, chun a chinntiú go mbíonn an dóigh a rialaímid dírithe níos mó ar riosca a shainaithint agus ar dhíobháil a chosc.

Chun sin a thacú, leanfaimid lenár gcaidrimh a threisiú le hoideoirí agus le fostóirí, ionas gur féidir sonraí agus léargais rialála a úsáid mar idirghabháil luath chun iompraíochtaí agus cleachtas a chothú ar a mbíonn torthaí níos fearr d'othair ina dtoradh.

Sonraí

Is léir go bhfuil bearnaí ann sna sonraí lena gcuirtear bacainn roimh dhul chun cinn i gcúram sláinte. In 2018, rinneadh tagairt dó sin i *dTuarascáil Choimisiún Pá na Seirbhíse Poiblí*; in *Athbhreithniú ar Acmhainneacht na Seirbhíse Sláinte*; agus sa *Chreat um Sholáthar Foirne Altraí agus Meascán Foirne Sábháilte i Suíomhanna Cúram Míochaine agus Máinliachta Ginearálta agus Speisialtóra in Ospidéal Aosaigh in Éirinn 2018*.

Teastaíonn níos mó sonraí, fianaise agus creataí. Dá bhrí sin ní mór do BACÉ níos mó a dhéanamh chun a chinntiú go mbíonn sonraí á mbailiú aige, agus go mbíonn anailís á déanamh aige orthu (ar aon dul le dea-rialachas agus le cosaint sonraí) agus go mbíonn sé ag baint úsáid as sonraí eile chun tacú lenár gcláraithe agus le torthaí um shábháilteacht othar ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

Na tátail ón anailís ar ár dtimpeallacht

Is é an dúshlán atá romhainn sa timpeallacht seo atá ag athrú rialáil éifeachtach a dhéanamh agus muidne ag cloí leis na caighdeáin ag an am céanna lena rialaitear altraí agus cnáimhseacha cláraithe a oibríonn in Éirinn.

Ní mór dúinn dul i dteagmháil lenár gcláraithe ar bhealach trína spreagtar éachtaí agus feabhsuithe agus trína dtacaítear leo. Déanfaimid sin i gcomhar le rialálaithe eile, lenár gcláraithe, le hoideoirí, le fostóirí agus lenár ngrúpa níos leithne de pháirtithe leasmhara.

Is é ár n-aidhm ar feadh na 10 mbliana le teacht na nithe a leanas a bhaint amach:

- go mbeidh aitheantas agus meas níos fearr ann dár ról sa timpeallacht cúram sláinte;
- go mbeimid sofhreagrúil maidir le treochtaí cúram sláinte agus rialála agus maidir leis na dúshláin a bhíonn ós comhair ár gcláraithe;
- go mbeidh seirbhís do chustaiméirí againn ar a ndéantar monatóireacht agus atá tráthúil agus éifeachtach; go mbeidh cultúr foghlamtha againn a chomhroinntear go himheánach freisin; agus
- go mbeidh an reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach ann chun tacú lenár sainchúram.

Sa chomhthéacs sin, tá straitéis thrí bliana forbartha againn, atá sonraithe againn thíos.

Croílár an mhéid a dhéanaimid

Tacaíocht a thabhairt do chláraithe agus an pobal a chosaint trí chaighdeáin agus riachtanais chun cleachtaidh in Éirinn a chur ar bun

Reachtaíocht Phríomhúil

Clárú

- An caighdeán a leagan amach do chlár oideachais
- Iarratais a mheasúnú

Coinneáil

- Caighdeáin a leagan amach, treoir a fhoilsiú mar aon leis an gCód um Iompar Gairmiúil agus Eitic d'Altraí Cláraithe agus do Chnáimhseacha Cláraithe agus an Creat um Raon Feidhme Chleachtas Altranais agus Cnáimhseachais

Athbhreithniú

- Gearáin i gcoinne cláraithe a imscrúdú. Ní bhíonn an próiseas um oiriúnacht chun cleachtaidh ina thoradh i gcónaí ar gach gearán mar cuirtear cuid acu i gcrích ag céim na réamh-imeachtaí

Cur Ar Ais

- Déanann an Bord measúnú ar iarratais ar chur ar ais ar an gClár faoi na forais atá leagtha amach sa reachtaíocht

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2020-2022

An dóigh a n-oibrímid a fheabhsú

- 1 Ár samhail rialála a fhorbairt
- 2 Éifeachtúlacht ár seirbhísí a dhigitiú agus a fheabhsú
- 3 Sonraí agus taighde a ghiaráil
- 4 Cumarsáid a dhéanamh ar bhonn níos minice agus níos éifeachtaí lenár bpáirtithe leasmhara, agus
- 5 Ár n-eagraíocht a fhorbairt a thuilleadh

Ár dtosaíochtaí straitéiseacha

Le blianta beaga anuas dhíriomar ar na príomhfheidhmeanna dár gcuid a fheabhsú agus leanfaimid leis sin a dhéanamh don chéad tréimhse eile, 2020-2022. Tá sé beartaithe againn ár dtionchar a neartú a thuilleadh trí dhíriú ar na tosaíochtaí straitéiseacha a leanas:

1 Ár samhail rialála a fhorbairt

Gníomhaíochtaí:

- athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an gcód, ar chaighdeán oideachais agus ar threoir dár gcuid chun a chinntiú go mbíonn siad fós ábhartha d'eispéiris na n-altraí agus na gcnáimhseach sa líne thosaigh agus i réimsí éagsúla eile
- páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre ildisciplíneacha chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht do shamhlacha cúram sláinte atá ag teacht chun cinn, go ndéantar othair a chosaint agus go mbíonn cláraithe muiníneach agus cúram á sheachadadh acu. Bheadh cláraithe, othair, lucht ceaptha beartas, oideoirí, fostóirí, ceardchumann, comhlachtaí gairmiúla agus rialálaithe eile san áireamh leis na grúpaí oibre ildisciplíneacha
- tabharfaimid dearadh na Scéime um Bainistíocht Choimeád Inniúlachta Gairmiúla (MMPC) chun críche agus cuirfimid tús leis an bhfeidhmiú céimneach d'fhonn cultúr d'fheabhsú leanúnach a neartú. Leis sin cinnteofar go dtabharfar aitheantas d'fhorbairt phearsanta leanúnach agus reatha, go mbeidh meas ann di agus go mbainfear úsáid aisti ina hiomláine i seachadadh seirbhíse
- pléifimid roghanna chun conairí rochtana ar chlárú a leathnú agus iontaoibh san inniúlacht á coimeád ag an am céanna
- cuirfimid tionscadal chun feidhme d'fhonn sásraí a bhunú le haghaidh cáilíochtaí a mheasúnú a chuirtear faoi bhráid BACÉ ar bhonn rialta ag iarratasóirí a chomhlíonann na caighdeáin riachtanacha
- cé go ndéanaimid gearáin a fhiosrú i gcónaí, is é ár n-aidhm ár dtacaíocht do chláraithe a mhéadú agus cúram sábháilte á sholáthar acu d'othair.

Táscairí ratha:

- caighdeáin agus riachtanais oideachais a fhorbairt ar bhonn leanúnach (m.sh. socrúcháin bunaithe sa phobal níos mó a chorprú) trí naisc níos díri le hInstitiúidí Ardoideachais (HEInna) agus le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhforbraítear ábhar clár chun riachtanais na hearnála agus an phobail a chomhlíonadh
- cód um Iompar Gairmiúil agus Eitic Athbhreithnithe, caighdeáin ghairmiúla agus treoidhoiciméid
- rannpháirtíocht i bhfoirne ildisciplíneacha d'fhonn creat rialála a fhorbairt lena léirítear na samhlacha ildisciplíneacha cúram sláinte atá réamh-mheasta faoi Sláintecare agus ag cinntiú ag an am céanna go mbíonn raon feidhme cleachtais altraí agus cnáimhseach intuigthe, inchosanta agus sábháilte
- maidir le haltraí agus cnáimhseacha a chuaigh faoi oiliúint lasmuigh den LEE agus a bhfuil fonn orthu dul ar an gClár, rinneamar sásraí a athbhreithniú d'fhonn a n-inniúlacht a dhearbhu

- próisis athbheithnithe chun gearáin agus fiosrúcháin um oiriúnacht chun cleachtaidh (FTP) a bhainistiú ar aon dul le reachtaíocht nua. Ní mór dúinn a bheith níos báúla maidir le riachtanais agus ionchais gearánaithe agus cláráithe araon, d'fhonn bogadh tríd an bpróiseas ar bhonn níos éifeachtúla.

2 Éifeachtúlacht ár seirbhísí a dhigitiú agus a fheabhsú

Gníomhaíochtaí:

- an próiseas clárúcháin a shruthlíniú d'iarratasóirí agus roghanna féin-fhreastail feabhsaithe á gcur ar fáil, lena n-áirítear an rogha chun íoc ar líne agus rochtain éasca a fháil ar na taifid agus sonraí dá gcuid
- deimhin a dhéanamh de go gcruthaítear córais chun fianaise ábhartha a ghabháil ar cháilíochtaí, ar thaithí agus ar stair ghairmiúil maidir le cláráithe, iarratasóirí agus céimithe uile
- deimhin a dhéanamh de go mbíonn tuiscint iomlán ag soláthraithe seirbhíse oideachasúla uile ar na caighdeáin oideachais dár gcuid, go soláthraíonn siad fianaise imleor chun riachtanais a chomhlíonadh agus go mbíonn tuiscint iomlán acu ar réimsí le haghaidh feabhsúcháin
- conair oscailte, éifeachtúil agus éifeachtach a chruthú chun gearáin a bhainistiú laistigh den phróiseas reachtach.

Táscairí ratha:

- tairseach cláráithe nua
- tairseach iarratasóirí nua
- tairseach HEInna nua
- athnuachan agus íoc ar líne na táille coinneála bliantúla (TCB)
- infheictheacht maidir le rianú gearán
- straitéis TF nuashonraithe agus garspriocanna soiléire,
- agaí próiseála laghdaithe ag baint léi
- sástacht mhéadaithe na bpáirtithe leasmhara. Dearcadh dearfach maidir le seirbhís do chustaiméirí. Torthaí ar aon dul leis an gcairt custaiméirí agus leis an bplean gníomhaíochta do chustaiméirí.



3 Sonraí agus taighde a ghairiú

Mar rialálaí, bailímid sonraí a bhaineann lenár n-iarratais agus lenár gcláraithe, le gearáin, le buarthaí, le measúnachtaí ar chlár oideachais agus le cigireachtaí ar láithreáin. D'fhonn a chinntiú go mbainimid úsáid éifeachtach as na sonraí sin chun tacú le cláraithe agus chun an pobal a chosaint laistigh dár gcreat reachtach agus den RGCS déanfaimid na nithe a leanas:

Gníomhaíochtaí:

- léargais as sonraí a chomhroinnt lenár gcláraithe agus le páirtithe leasmhara eile chun tacú lenár gcláraithe, an pobal a chosaint agus beartas a threorú.
- sonraí maidir leis an gClár a chomhroinnt chun cuidiú le seirbhísí sláinte maidir le gníomhaíochtaí pleanála um lucht saothair.
- obair dhlúth a dhéanamh le páirtithe eile san earnáil cúram sláinte ionas go mbeidh tionchar níos mó againn i dteannta a chéile ar chosaint an phobail (tuarascálacha cigireachta, próifílí riosca a chomhroinnt).
- taighde agus sonraí a úsáid chun ár gcur chuige beartais a threorú. Tríd an bhfianaise sin a úsáid cuirfear ar ár gcumas tuiscint níos fearr a fhorbairt ar an tírdhreach ina n-oibríonn ár gcláraithe, agus ár gcuid oibre á déanamh níos éifeachtaí agus níos comhréirí.
- sonraí a úsáid ar bhonn leanúnach chun an méid a dhéanaimid a fheabhsú, mar shampla chun gearáin um oiriúnacht chun cleachtaidh a athbhreithniú chun a chinneadh más féidir torthaí a bhaint amach níos gasta nó ar dhóigh éagsúil.

Táscairí ratha:

- déantar forbairt ár gclár taighde agus beartais a threorú le riosca.
- leis na sonraí agus torthaí taighde dár gcuid tacaítear le forbairt beartais phoiblí. Úsáideann príomh-thionscáirí in oideachais agus i sláinte tuarascálacha a tháirgeann BACÉ agus déanann siad tagairt dóibh
- leithdháiltear acmhainní BACÉ chun taighde agus beartas a fhorbairt
- freastal ar imeachtaí tras-rialála
- déantar an t-ualú rialála ar sholáthraithe oideachais agus ar chláraithe a laghdú trí chomhoibriú le comhlachtaí rialála eile.

4 Cumarsáid a dhéanamh ar bhonn níos minice agus níos éifeachtaí lenár bpáirtithe leasmhara

Cé go ndéanaimid cumarsáid go minic lenár bpríomhpháirtithe leasmhara díreoimid níos mó sa chéad chéim eile ar cé chomh héifeachtach agus atá an chumarsáid sin. D'fhonn tacú le straitéis 2020-2022 sa chéad dul síos déanfaimid machnamh ar chaighdeán agus ar thuin an ábhair dár gcuid agus ar na cainéil trína ndéanaimid é a sheachadadh. Trí fheabhsuithe agus trí shásraí a chur i bhfeidhm le haghaidh cumarsáid éifeachtach agus éifeachtúil, tabharfaimid faoin easpa tuisceana ár ról (Suirbhé 2019 Reputation Inc. ar ár bpáirtithe leasmhara) Níos déanaí in 2020 agus go luath in 2021 táimid ag súil go mbeimid níos réamhghníomhaí leis na páirtithe leasmhara sin a bheidh in ann ár dteachtaireacht a mhéadú agus a chinntiú go mbíonn tuiscint agus meas ar an ról atá againn.

Gníomhaíochtaí:

- plean cumarsáide straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bheidh dírithe ar ábhar agus ar chainéil chumarsáide éifeachtacha agus forbairtí suntasacha san fhéilire gnó á gcur san áireamh a mbeidh sé riachtanach tacaíocht réamhghníomhach a sholáthar ina leith .i. ár gcóras clárúcháin ar líne nua
- plean gníomhaíochta do chustaiméirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena n-áireofar:
 - » nádúr agus cáilíocht na seirbhíse a shonrú lena mbeidh custaiméirí in ann a bheith ag súil
 - » ár ról a shoiléiriú agus gach deis a úsáid chun an méid a dhéanaimid agus conas a dhéanaimid é sin a mhíniú
 - » ár láithreán gréasáin a nuashonrú le hábhar atá soiléir agus sothuigthe
 - » imeachtaí éisteachta a eagrú.

Táscairí ratha:

- ábhar athnuaite agus ceart ar phríomhchainéil chumarsáide agus le haghaidh láithreoireachtaí (m.sh. láithreán gréasáin, leabhráin faisnéise) agus machnamh ar na cainéil chearta do BACÉ
- plean réamhghníomhach maidir le dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara oideachasúla
- tionscnaimh réamhghníomhacha chun tacú le tuiscint níos mó ar ár ról.
- machnamh ar bhealaí níos fearr agus níos nuálaí chun cumarsáid a dhéanamh agus ábhair a mhíniú do chláraithe
- imeachtaí éisteachta arna gcur chun feidhme ar bhonn rialta d'fhonn cumarsáid le páirtithe leasmhara a fheabhsú
- athruithe ar na beartais agus ar na caighdeáin dár gcuid atá á bhforbairt i gcomhar le páirtithe leasmhara.

5 Ár n-eagraíocht a fhorbairt a thuilleadh

Tarlóidh athruithe suntasacha ar feadh na dtrí bliana le teacht agus beidh ról lárnach ag ár ndaoine agus ag ár mBord maidir lenár rath. Ar an gcúis sin beidh a bhforbairt ghairmiúil leanúnach ar feadh na tréimhse sin tábhachtach.

Gníomhaíochtaí:

- tacaíocht a sholáthar don fhoireann ionas go n-aimsíonn siad eolas, scileanna agus inniúlachtaí chun na poist dá gcuid a dhéanamh go héifeachtach agus le muinín
- tacaíocht a thabhairt don Bhord chun ár struchtúr rialachais a sheachadadh.
- athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr ár n-eagraíochta chun ligean do sheachadadh éifeachtach agus éifeachtúil ár sainchúraim reachtaigh.
- leanúint le plean thrí bliana rollach a fhorbairt um an lucht saothair.
- leanúint le cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus le reachtaíocht náisiúnta agus AE eile lena n-áirítear *Dualgas um Chearta an Duine agus Comhionannas de chuid na hEarnála Poiblí*
- Bealaí eile a shainiú chun úsáid am an Bhoird a shruthlíniú.

Táscairí ratha:

- tá na scileanna agus an t-eolas ag foireann BACÉ agus ag Bord BACÉ chun na ról dá gcuid a chur i bhfeidhm go héifeachtach
- tuairisceoidh páirtithe leasmhara sástacht mhéadaithe leis an tseirbhís do chustaiméirí, rud a dhéantar a thomhas i gcoinne cairt custaiméirí agus plean gníomhaíochta do chustaiméirí
- trí na struchtúir rialachais dár gcuid soláthrófar dearbhú éifeachtach go bhfuil na straitéisí, pleananna agus cláir againn atá oiriúnach chun an t-athrú a theastaíonn uainn a sheachadadh
- rinneamar pleanáil agus éascú maidir le haistriú réidh do phríomhbhaill ár bhfoirne bainistíochta sinsearaí agus do chomhaltaí ár mBoird atá ar tí dul ar scor nó a dtéarma a chríochnú
- tá próisis níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí á n-úsáid ag ár mBord, lena n-áirítear cur chuige nuashonraithe maidir le cúrsaí um oiriúnacht chun cleachtaidh.
- chuireamar measúnú chun feidhme chun tabhairt faoin Dualgas um Chearta an Duine agus Comhionannas de chuid na hEarnála Poiblí.

Ár straitéis a chur i bhfeidhm agus rath a thomhas

Leis an ráiteas straitéise seo clúdófar an tréimhse thrí bliana 2020-2022. Forbróimid plean gnó bliantúil gach bliain a bheidh deartha chun ár straitéis a sheachadadh. Foilseoidh miontuairiscí chruinnithe an Bhoird mar aon le tuarascáil bhliantúil, chun páirtithe leasmhara a chumasú an dul chun cinn dár gcuid a mheasúnú.

Tuairisceofar ar dhul chun cinn i gcoinne bearta agus garspriocanna sainithe. Is bearta de chineál cainníochtúil agus cáilíochtúil a bheidh iontu. I measc na mbeart cainníochtúil beidh na nithe a leanas: agaí próiseála iarratas, agaí láimhseála fiosrúchán, líon na ngearán a fhaightear maidir le cláraithe, agus líon na ngearán a mbíonn éisteachtaí um oiriúnacht chun cleachtaidh ina dtoradh.

Glacadh le roinnt toimhdí chun an ráiteas straitéise a fhorbairt m.sh. iad sin a bhaineann lenár n-acmhainní, leibhéil na foirne agus tosaíochtaí an rialtais.

Bíonn riosca de dhlúth agus d'inneach i dtoimhdí. Tá sé á bheartú againn chun na rioscaí sin a bhainistiú trí réamhphleanáil, trí mhonatóireacht rialta ar ár gclár rioscaí agus trí obair dhlúth a dhéanamh leis an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile.

Déanfaimid bearnaí a shainaithint go réamhghníomhach i gcumas agus i scileanna de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn agus cuirfimid iad in iúl don Roinn Sláinte, de réir mar is iomchuí. Beidh údarú post agus measúnú leanúnach ar mhaoiniú rithábachtach.

Leanfaimid le hobair a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara trí dhul i dteagmháil leo ar bhonn oscailte agus follasach.

Aguisín A: An ráiteas straitéise a fhorbairt: ár gcur chuige maidir le comhairliúchán

An próiseas comhairliúcháin

An 1 Iúil 2019, sheol Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann comhairliúchán poiblí chun aighneachtaí a iarraidh mar thacaíocht le ráiteas straitéise 2020-2022 dár gcuid a fhorbairt.

Cuireadh ceistneoir ar fáil do gach duine ar an láithreán gréasáin dár gcuid. Seoladh an ceistneoir le ríomhphost chuig na páirtithe a leanas: cláraithe, eagraíochtaí foirne, fostóirí, bainisteoirí, grúpaí abhcóideachta othar agus príomhpháirtithe leasmhara eile agus cuireadh á thabhairt dóibh páirt a ghlacadh. Tionóladh roinnt cruinnithe agus ceardlann freisin d'fhonn ionchur a iarraidh le forbairt an ráitis straitéise.

Forbhreathnú ar na freagraí ar an gcomhairliúchán

Foinse	Líon
Suirbhé ar líne	298 bhfreagróir
Cruinnithe Seachtracha	4
Ceardlanna inmheánacha	6

Áiríodh na haighneachtaí a leanas le haighneachtaí a fuarthas thar ceann institiúidí agus eagraíochtaí:

- An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (CSTGT)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Oifigí na Seirbhísí Altranais agus Cnáimhseachais, Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann (INMO)
- Cumann Stiúrthóirí Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (IADNAM), Cumann Altraí Síceolaíochta na hÉireann (PNA)
- An Scoil Altranais agus Cnáimhseachais, Coláiste Hibernia, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI)
- Ospidéal Bon Secours Luimnigh ag Ospidéal Barrington Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann

Le haghaidh sonraí breise a fháil, féach an Tuarascáil ar Chomhairliúchán Poiblí inár [Ráiteas Straitéise 2020-2022](#).



Bord Altranais agus
Cnáimhseachais na hÉireann

Nursing and Midwifery
Board of Ireland

Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (BACÉ)

18/20 Ascaill Dhún Charúin | An Charraig Dhubh | Co. Bhaile Átha Cliath
A94 R299

T +353(0)1 639 8500 www.nmbi.ie